# Mountbatten gafa ag na póilíní

Eochairfhocail: taidhleoir, mí-iompar, oifig phoiblí, sceith, ionadaí speisialta trádála agus infheistíochta, ciontóir gnéis

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén gaol atá ag Andrew Mountbatten-Windsor leis an rí i Sasana?
2. Cén fáth ar gabhadh é?
3. Cén ról a bhí ag Andrew nuair a sceith sé eolas faoi rún?
4. Cén áit i Sasana a bhfuil eastát Sandringham?
5. Cén dá chur síos a dhéantar ar Jeffrey Epstein sa mhír nuachta seo?
6. Cathain a bhí Andrew ina ionadaí speisialta trádála agus infheistíochta ag Rialtas na Breataine?
7. Cad atá speisialta faoin lá ar gabhadh Andrew?
8. Cén t-am a bualadh cnag ar dhoras Andrew ar maidin?
9. An gceapann Seán Ó Cadhain go mbeadh mórán trua ag muintir na Breataine d'Andrew?
10. Cad a bhí scríofa i ráiteas an Rí Séarlas maidir le fiosrúchán na bpóilíní?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| Is deartháir é Andrew Mountbatten-Windsor le Rí Shasana | **F** |
| Bhí cairdeas ann idir Andrew agus Jeffrey Epstein ar feadh na mblianta | |
| Gabhadh Andrew le déanaí mar gheall ar theach a chur trí thine | |
| Bhí ról tábhachtach ag Andrew le Rialtas na Breataine sna 1990idí | |
| Ciontóir gnéis a bhí in Jeffrey Epstein | |
| Tá cónaí anois ar Andrew i bPálás Buckingham | |
| Níor sheol Andrew agus Jeffrey Epstein ríomhphost chuig a chéile riamh | |
| Tá Andrew sé bliana is seasca d'aois | |
| I ráiteas a d'eisigh an Rí Séarlas thug sé le fios gur tháinig an scéala seo aniar aduaidh air | |
| Ní bheidh an Rí Séarlas nó aon duine eile sa teaghlach ríoga sásta comhoibriú leis an bhfiosrúchán | |



## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Samhlaigh gur duine de na póilíní tú a ghabh Andrew Mountbatten-Windsor. Scríobh tuairisc 100 focal ar an méid a tharla ag Eastát Sandringham. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- go moch ar maidin
- chnagamar ar an doras
- tar éis tamaill bhig
- dúradh leis
- mí-iompar in oifig phoiblí
- cuir i leith
- Shiúil sé amach as an teach
- tógadh é go
- na meáin bailithe timpeall ina sluaite
- ceistíodh é



**Freagraí**

1. Deartháir
2. Faoi mhí-iompar in oifig phoiblí
3. Taidhleoir tráchtála thar ceann na Breataine
4. Norfolk, oirthear Shasana
5. Ciontóir gnéis agus infheisteoir profaisiúnta
6. Idir 2001 agus 2011
7. A bhreithlá a bhí ann
8. 8am
9. Is beag trua a bheadh ag muintir na Breataine dó, dar leis.
10. Gur cheart go mbeadh sé cuimsitheach, cothrom agus cuí

1. Fíor
2. Fíor
3. Bréagach
4. Bréagach
5. Fíor
6. Bréagach
7. Bréagach
8. Fíor
9. Fíor
10. Bréagach

